Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13692/25**

**INST 292**
**CMPT 17**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar beirt chomhaltaí den Chúirt Iniúchóirí – Glacadh |

1. De bhun Airteagal 286(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, glacfaidh an Chomhairle, tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, an liosta de chomhaltaí den Chúirt Iniúchóirí arna tharraingt suas i gcomhréir leis na tograí arna ndéanamh ag gach Ballstát, go ceann téarma 6 bliana.

2. An athnuachan pháirteach atá á déanamh faoi láthair ar an gCúirt Iniúchóirí, baineann sí leis an mbeirt chomhaltaí a rachaidh a dtéarma oifige in éag an 31 Nollaig 2025[1].

3. Mhol Rialtas Lucsamburg go n-athcheapfaí Joëlle ELVINGER mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí ón 1 Eanáir 2026[2].

4. Mhol Rialtas na hÍsiltíre go n-athcheapfaí Stephanus Abraham BLOK mar Chomhalta den Chúirt Iniúchóirí ón 1 Eanáir 2026[3].

5. Chuaigh an Chomhairle i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir leis na tograí sin an 2 Meitheamh 2025.

6. Thug Parlaimint na hEorpa a tuairimí uaithi maidir leis na tograí sin an 9 Meán Fómhair 2025.

[1] 14082/24.
[2] 9460/25.
[3] 8926/25.

7. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 14212/25 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.